

Freagairt do Theagmhais

Chriticiúla

Coláiste Naomh Éanna

Cúlra:

“Is í an phleanáil lan bhun ghné chun teagmhais criticiúil a bhainistiú. Tuairiscíonn siceolaithe go bhfuil scoileanna le polasaí scoile agus plean Bainistíochta maidir le Teagmhais Chriticiúla acu, ábalta déileáil níos éifeachtaí le torthaí teagmhais. Le plean, cuirtear ar chumas na foirne gníomhú go gasta agus go héifeachtach agus mothú smachta a choinneáil. D’fhéadfadh sé fosta a chinntiú go dtéann rudaí ar ais mar is gnáth chomh luath agus is féidir agus go ndéantar na hiarmhairtí ar na daltaí agus múinteoirí a theorannú.”

Cruthú éiteas tacaíoch, comhbhách a dhéileáilann le deacrachtaí sa choláiste:

Cuirtear na nithe seo leanas san áireamh

- Nithe a chabhraíonn le timpeallacht slán siceolaíochtra a chruthú.
- Timpeallacht fisiceach sábháilte a chruthú.
- Nósanna imeachta agus córais aitheanta chun páistí I mbaol a aithint.
- Córas chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an fhoireann ar an eolas faoi Nósanna Imeachta agus Treoirínte maidir le caomhnú páistí.
- Acmhainní agus forbairt foirne a sholáthar.
- Tacaíocht don fhoireann, nuair is gá m.sh. Seirbhís um Chuidiú Fostaithe (Fón 1800 411 057)

Teagmhas Criticiúil a shainmhíniú:

“ Go ginearálta is éard atá ann ná teagmhas nó sraith imeachtaí a sháraíonn gnáthmheicníochtaí déileála an choláiste agus a chuireann isteach ar reachtáil an choláiste.”

Freagairt do Theagmhais Chriticiúla, Treoirínte do scoileanna, An tSNSO, 2007, lch. 15

Is éard a aithníonn foireann agus bainistíocht Choláiste Naomh Éanna a bheith ina theagmhas criticiúil ná “eachtra nó sraith eachtraí a chuireann as don choláiste go mór ionas nach féidir le gnáthmheicníochtaí an Choláiste déileáil leis.” D’fhéadfadh scoláire amháin nó roinnt scoláirí nó baill foirne nó baill den phobal áitiúil a bheith i gceist le teagmhais ghéibheannacha. Mar shampla:

- Bás ball de phobal an choláiste trí thimpiste, fhoiréigean, fhéinmharú nó bás gan choinne.
- Ionsaí ar an gcoláiste.
- Timpiste mhór i gcás baill de phobal an choláiste.
- Timpiste/tubaiste a bhaineann leis an bpobal.
- Damáiste mór don fhoirgneamh ina mbíonn an choláiste á reachtáil ann trí dhóiteán, nó tuilte.
- Ball de phobal an choláiste a bheith imithe gan tásc ná tuairisc.

Cruthú foireann bainistíochta do theagmhais chriticiúla:

Tá foireann bainistíochta teagmhais chriticiúla curtha ar bun mar tuigtear dúinn go bhfuil sé sin ag teacht le dea chleachtas. Tá gach ball den fhoireann sin ag glacadh páirt ann dá dheoin féin agus beidh siad páirteach in obair na foirne go ceann bliana. Tiocfaidh siad le chéile go bliantúil chun an polasaí agus an plean a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta. Tá cóip den pholasaí agus den plean ag gach duine sa choláiste.

Ról	Freagraíochtaí
Ceannaire Foirne	<ul style="list-style-type: none"> • Cuireann an ghéarchéim in iúl do bhall na foirne agus tionólann cruinniú. • Comhordaíonn tascanna na foirne. • Déanann teagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus aon ghrúpa eile dá mbaineann an cás.
Teagmháil leis na gardaí	<ul style="list-style-type: none"> • Déanann teagmháil leis na gardaí. • Cinntíonn go bhfuil an t-eolas cruinn sula scaiptear é.
Teagmháil leis an bhfoireann	<ul style="list-style-type: none"> • Tionólann cruinniú agus tugann cuntas ar na fíricí atá ar eolas. • Tugann deis do bhaill foirne a gcuid mothúcháin a chur in iúl agus ceisteanna a chur. • Leagann amach an clár ama don lá. • Tugann na cáipéisí cuí do na múinteoirí. • Aon eolas nua atá le fáil le tabhairt do na múinteoirí. • Teagmháil aonair le aon bhall foirne má tá sé seo ag teastáil.
Teagmháil leis na scoláirí	<p>Comhordaíonn aon eolas a fhaightear ó aon mhúinteoir faoi aon scoláire go bhfuil imní orthu fúthu.</p> <p>Cuireann baill foirne ar an eolas faoi aon</p>

	<p>scoláire go bhfuil orthu faoi.</p> <p>Scaipeann cáipéisí acmhainne ar scoláirí de réir mar is gá.</p> <p>Coinníonn liosta de na scoláirí a bhí i dteagmháil le lucht gairme ón taobh amuigh.</p> <p>Socraíonn seomra “ ciúin” de réir mar atá aontaithe agus féachann chuige go bhfuil sé faoi mhaoirseacht.</p>
<p>Teagmháil leis an bpobal/le háisíníochtaí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Coinníonn liosta le uimhreacha teagmhála. • Déanann teagmháil le háisíníochtaí sa phobal maidir le seirbhísí tacaíochta. • Déanann seiceáil ar theastais aitheantais daoine nó dreamanna ón taobh amuigh atá ag tairiscint tacaíochta. • Comhordaíonn obair na n-áisíníochtaí sin. • Cuireann i gcuimhne do bhaill na n-áisíníochtaí go gcaithfidh siad suathantais aitheantais a chaitheamh. • Cuireann eolas ar fáil do na baill foirne eile maidir le hobair na n-áisíníochtaí seachtracha.
<p>Teagmháil le tuismitheoirí</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tugann cuairt ar aon chlann más gá in éineacht le ceannaire na foirne. • Socraíonn cruinnithe tuismitheoirí má theastaíonn sé agus déanann stiúru ar an gcruinniú.

	<ul style="list-style-type: none"> • Cinntíonn go bhfuil litreacha samplacha clóscríofa, iad ar chóras ríomhaire na scoile agus réidh le cur in oiriúint de réir polasaí na scoile. • Socraíonn seomra le haghaidh cruinnithe le tuismitheoirí. • Coinníonn taifead ar na tuismitheoirí a ndearnadh teagmháil leo. • Buaileann le tuismitheoirí duine ar dhuine más gá. • Scaipeann bileoga/ cáipéisí cuí ar thuismitheoirí más gá.
<p>Teagmháil leis na meáin</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ní mór a bheith ag smaoineamh roimh ré ar céard a d'fhéadfadh tarlú agus ar na ceisteanna a d'fhéadfadh teacht suas. • Teagmháil le haon ghrúpa ón taobh amuigh le comhairle. • Dréachtann preasráiteas, tugann faisnéis agus agallaimh do na meáinach de réir mar a cheadaíonn bainistíocht an choláiste.
<p>Riarthóir/ Rúnaí</p>	<p>Coinníonn uimhreacha gutháin suas chun dáta ar nós uimhreacha tuismitheoirí/ caomhnóirí, uimhreacha múinteoirí, uimhreacha seirbhísí tacaíochtaí géarchéime.</p> <p>Glacann le glaonna gutháin agus déanann nóta de na cinn nach mór freagra a thabhairt orthu.</p> <p>Cinntíonn go bhfuil teimpléid ar</p>

	<p>chóras ríomhaire na scoile.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Réitíonn agus cuireann amach litreacha agus ríomhphoist. • Déanann fótócháipeanna d'ábhar atá ag teastáil. • Coinníonn taifid.
--	---

Taifid a choinneáil

I gcás teagmhais chriticiúil coinneoidh gach ball den fhoireann taifid ar na glaonna gutháin a dhéanfar, na litreacha a sheolfar, na cruinnithe a thionólfar, na daoine ar bualadh leo, na hidirghabhálacha a úsáidtear, na hábhair a úsáideadh. Beidh an príomh ról ag an rúnaí leis seo.

Ceisteanna rúndachta agus dea-chlú

Tá bainistíocht agus foireann Choláiste Naomh Éanna freagrach as príobháideachtas agus cosaint dea-chlú na ndaoine a bhfuil baint acu le aon chineál teagmhas. Beidh gach duine cúramach maidir le ráitis poiblí ar bith agus an toradh a d'fhéadfadh a bheith orthu. Caithfear a bheith cinnte de na téarmaí a úsáidtear agus ag caint faoi aon chás.

Seomraí le úsáid I gcás géarchéime

Beidh liosta de na seomraí ar féidir linn a úsáid déanta amach roimh ré.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an bplean gach bliain agus gach uair is gá.

An Rannóg Tagartha

- **Freagairt ar theagmhais Chriticiúla, Treoirlínte do scoileanna, An tSNSO 2007**

- Freagairt ar Theagmhais Chriticiúla, Acmhainní do scoileanna, An tSNSO, 2007
- Nuair a tharlaíon tragóid – Treoiurlínte maidir le Bainistíocht Éifeachtach ar Theagmhais Chriticiúla I scoileanna, CMÉ
- Lámhleabhar Chomhaltaí Bhoird Bainistíochta CPSMA, 2007

Láithreáin Ghréasáin

ROE – An tSNSO	www.education.ie
An tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte	www.hsa.ie/osh
Marsh Ireland	www.marsh.ie
Concos	www.concos.ie

Plean Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla

<u>Ról</u>	<u>Ainm</u>	<u>Uimhir Gutháin</u>
Ceannaire Foirne	Eimear Ní Chonghaile	0858205048
Teagmháil leis na gardaí	Máire Uí Chonghaile	0871349929
Teagmháil leis an bhfoireann	Eimear Ní Chonghaile	0858205048
Teagmháil leis na scoláirí	Eimear Ní Chonghaile	0858205048
Teagmháil leis an bpobal/ le háisíníochtaí	Máire Uí Chonghaile	0871349929
Teagmháil le tuismitheoirí	Máire Uí Chonghaile	0871349929
Teagmháil leis na meáin	Eimear Ní Chonghaile	0858205048
Riarthóir/Rúnaí	Máire Uí Chonghaile	0871349929

Tasc	Ainm
Faisnéis chruinn a bhailiú: cé/ céard/ cén uair/ cá	Eimear Ní Chonghaile
Foireann teagmhais Chriticiúla a thabhairt le chéile	Máire Uí Chonghaile
Teagmháil le háisíníochtaí seachtracha.	Máire Uí Chonghaile
Córas maoirseachta do pháistí a shocrú	Eimear Ní Chonghaile
Cruinniú foirne a thionól	Eimear Ní Chonghaile
Clár ama an lae a shocrú	Máire Uí chonghaile
An scéal a chur in iúl do na daltaí/mic léinn eile	Máire Uí Chonghaile
Déan liosta de na daltaí/mic/léinn atá i mbaol.	Máire Uí Chonghaile
Déan teagmháil le cuairt a thabhairt ar aon chlann agus déan é.	Máire Uí Chonghaile
Réitigh agus aontaigh ráiteas agus déan plé leis na meáin.	Máire Uí Chonghaile
Cuir in iúl do thuismitheoir/gaolta é.	Máire Uí Chonghaile
Cruinniú foirne roimh dul abhaile chun aon eolas nua a roinnt.	Eimear Ní Chonghaile

Gníomhaíochtaí Meántéarmacha Lá 2 agus laethanta ina dhiaidh sin

<u>Tasc</u>	<u>Ainm</u>
FBTC a thionól agus athbhreithniú ar lá a 1	Eimear Ní Chonghaile
Bualadh le háisíníochtaí seachtracha	Máire Uí Chonghaile
Bualadh leis an bhfoireann ar fad	Máire Uí Chonghaile
Tacaíocht a chur ar fáil do na scoláirí/ na tuismitheoirí/ foireann de réir mar a theastaíonn sé.	Eimear Ní Chonghaile
Cuairteanna a thabhairt má tá gá.	Máire Uí Chonghaile
Eolas ar aon socraithe atá déanta ón taobh amuigh.	Máire Uí Chonghaile
Aontaigh maidir le bheith i láthair agus rannpháirtíocht in aon seirbhísí taobh amuigh den choláiste.	Máire Uí chonghaile
Déan cinnte má tá an choláiste le dúnadh.	Bord stiúrtha

Liosta Teagmhála Éigeandála

Áisíneacht	Uimhir
Garda	09532242
Briogáid Dóiteán	091570900
Dochtúirí Áitiúla	Dr. Mícheál Ó Cathasaigh 09532243
Roinn Oideachais	0906474621
Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta	Bertie Ó hAinmhire 091592555
Concos	Marie Ní Dhonncha 091505760
Sagart	An t-Athair Pádraig Standún
Seirbhís chabhrach do fhostaithe	1800411057

Tagann an polasaí seo i bhfeidhm láithreach.

Dáta:

Deimhnithe ag an gCoiste Stiúrtha

Sínithe: _____ Cathaoirleach

Dáta: _____

Sínithe: _____ Rúnaí

Dáta: _____